CÚIRT BHREITHIÚNAIS
AN AONTAIS EORPAIGH

PREASEISIÚINT Uimh. 48/26
Lucsamburg, 26 Márta 2026

Breithiúnas na Cúirte i gCásanna Uamtha C-696/23 P | Pumpyanskiy v an Chomhairle, C-704/23 P | Khudaverdyan v an Chomhairle, C-711/23 P | Rashnikov v an Chomhairle, C-35/24 P | Mazepin v an Chomhairle agus C-111/24 P | Khan v an Chomhairle

## Cogadh san Úcráin: deimhníonn an Chúirt Bhreithiúnais gur reodh cistí cúigear príomhdhaoine gnó atá ag feidhmiú sa Rúis

Ó thús chogadh na Rúise i gcoinne na hÚcráine i mí Feabhra 2022, ghlac Comhairle an Aontais Eorpaigh bearta sriantacha [1] i gcoinne príomhdhaoine gnó a bhfuil baint acu le hearnálacha eacnamaíocha a sholáthraíonn foinse shuntasach ioncaim do Rialtas na Rúise.

Sa chomhthéacs sin, thionscain Dmitry Alexandrovich Pumpyanskiy, Tigran Khudaverdyan, Viktor Filippovich Rashnikov, Dmitry Arkadievich Mazepin agus German Khan, a raibh na bearta sin i bhfeidhm ina leith, caingne os comhair Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh. Tar éis don Chúirt Ghinearálta a gcaingne a dhíbhe in 2023 [2], thug siad achomhairc os comhair na Cúirte Breithiúnais.

Sa bhreithiúnas a thugann an Chúirt inniu, **díbhtear na hachomhairc go léir**.

Ar an gcéad dul síos, sonraíonn an Chúirt gurb iad na 'hearnálacha eacnamaíocha' nach mór dóibh foinse shuntasach ioncaim a sholáthar do Rialtas na Rúise, seachas príomhdhaoine gnó a bhfuil baint acu leis na hearnálacha sin.

Sonraíonn sí freisin nach mór an coincheap 'tionchar' a bhíonn ag daoine gnó a thuiscint i bhfianaise an chomhthéacs eacnamaíoch ina n-oibríonn na daoine sin, **gan beann ar an nasc a d'fhéadfadh a bheith acu le Rialtas na Rúise**. Is mar gheall ar a dtábhacht shuntasach do gheilleagar na Rúise go bhfuil na daoine sin in ann maoiniú gníomhaíochtaí díchobhsaitheacha i gcoinne na hÚcráine a chur chun cinn go hindíreach, trí rannchuidiú le brabúsacht, agus fiú le rathúnas, na n-earnálacha eacnamaíocha ina bhfuil siad gníomhach a choinneáil ar bun.

Ina dhiaidh sin, meabhraíonn an Chúirt nach féidir difear a dhéanamh do dhlíthiúlacht critéir atá mar bhonn le bearta sriantacha a fhorchur ach amháin má tá an critéar míchuí go follasach. Ní féidir a mheas go bhfuil critéar den sórt sin neamhdhleathach toisc go ndíríonn sé ar chatagóirí daoine a bhfuil nasc oibiachtúil acu, fiú nasc indíreach agus fiú neamhspleách ar aon iompar pearsanta, leis an tríú tír a bhfuil an tAontas Eorpach ag iarraidh smachtbhannaí a fhorchur uirthi. Sa chás seo, measann an Chúirt go bhfuil nasc oibiachtúil idir, ar thaobh amháin, daoine gnó tábhachtacha atá gníomhach in earnálacha eacnamaíocha brabúsacha don Rúis agus, ar an taobh eile, an cuspóir brú ar an tír sin agus costas a gníomhaíochtaí chun an Úcráin a dhíchobhsú a mhéadú araon.

Ar deireadh, deimhníonn an Chúirt, chun a chinneadh an bhfuil na bearta sriantacha comhréireach, nach gá ach a fhíorú an bhfuil siad míchuí go follasach chun an cuspóir dlisteanach atá á shaothrú a bhaint amach agus an dtéann siad go follasach thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a bhaint amach. Is amhlaidh atá sa chás seo.

**NÓTA:** D'fheadfaí achomharc a thabhairt, ar phointí dlí amháin, os comhair na Cúirte Breithiúnais i gcoinne bhreithiúnas nó ordú ón gCúirt Ghinearálta. I bprionsabal, ní bheidh éifeacht fionraíochta ag an achomharc. Má tá bunús leis an achomharc, cuirfidh an Chúirt Bhreithiúnais breith na Cúirte Ginearálta ar neamhní. I gcás ina bhfuiltear i mbun rialú a thabhairt ar chás, féadfaidh an Chúirt Bhreithiúnais cinneadh críochnaitheach a dhéanamh ar an díospóid í féin. I gcás nach bhfuiltear i mbun rialú a thabhairt ar chás, tarchuirfidh sí an cás ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta, atá faoi cheangal na breithe arna tabhairt ag an gCúirt Bhreithiúnais i gcomhthéacs an achomhairc.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Foilsítear téacs iomlán agus, i gcás inarb infheidhme, achoimre ar an mbreithiúnas ar shuíomh Gréasáin CURIA lá na fógartha.

Teagmhálaí preasa: Jacques Zammit ✆ (+352) 4303 3355.

Tá íomhánna den bhreithiúnas arna fhógairt ar 'Europe by Satellite' ✆ (+32) 2 2964106.

Fanaigí i dteagmháil linn!

[1] Cinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle an 17 Márta 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin arna leasú le Cinneadh (CBES) 2022/329 an 25 Feabhra 2022 ón gComhairle.

[2] Breithiúnais an 6 Meán Fómhair 2023, Pumpyanskiy v an Chomhairle, T-270/22 (féach freisin Preaseisiúint Uimh. 132/23) agus Khudaverdyan v an Chomhairle, T-335/22; an 13 Meán Fómhair 2023, Rashnikov v an Chomhairle, T-305/22; an 8 Samhain 2023, Mazepin v an Chomhairle, T-282/22 (féach freisin Preaseisiúint Uimh. 166/23), agus an 29 Samhain 2023, Khan v an Chomhairle, T-333/22.